



Oifig an Ombudsman
Office of the Ombudsman



Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Office of the Information Commissioner



Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil
Office of the Commissioner for Environmental Information



Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
Office of the Commission for Public Service Appointments



Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

CREAT RIALACHAIS
CHORPARÁIDIGH

Clár na n-ábhar

RÉAMHRÁ	3
1. LÉARGAS GINEARÁLTA NA HOIFIGE	4
RÓIL NA NOIFIGÍ.....	4
LUACHANNA, IOMPRAÍOCHTAÍ & CULTÚR.....	6
CEAPACHÁIN FOIRNE.....	7
CAIRT SEIRBHÍSE NA GCLIANT.....	7
STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA.....	8
PLEANÁIL STRAITÉISEACH, CINNTEOIREACHT & BAINISTÍOCHT FEIDHMÍOCHTA.....	9
PLEANÁIL GHNÓ.....	9
TUARASCÁLACHABLIANTÚLA.....	10
SOCRUITHE CUMARSÁIDE INMHEÁNAÍ.....	10
RANPHÁIRTÍOCHT LE PÁIRTITHE LEASMHARA SEACHTRACHA.....	11
2. RÓIL NA BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ & SANNADH FREAGRACHTAÍ	13
RÓL AN OMBUDSMAN AGUS AN CHOIMISINÉARA FAISNÉISE/AN CHOIMISINÉARA UM FHAISNÉIS COMHSHAOIL....	14
RÓL AN ARD-STIÚRTHÓRA / AN OIFIGIGH CHUNTASAÍOCHTA.....	16
3. FOIREANN BAINISTÍOCHTA AGUS STRUCHTÚIR RIALACHAIS EILE	17
FOIREANN BAINISTÍOCHTA.....	17
BALLRAÍOCHT.....	17
RÓIL NA FOIRNE BAINISTÍOCHTA.....	17
CRUINNITHE.....	18
TUAIRISCIÚ.....	18
COISTÍ.....	19
AN COISTE COMHPHÁIRTÍOCHTA.....	19
AN COISTE SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA.....	20
FOIREANN MEASÚNAITHE CÁILÍOCHTA.....	20
4. SOCRUITHE INIÚCHTA, DEARBHAITHE & COMHLÍONTA	22
OIFIGEACH CUNTASAÍOCHTA – FREAGRACHTAÍ INIÚCHÓIREACHTA.....	22
RÓL AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA & RIOSCA.....	23
RÓL AN AONAI INIÚCHÓIREACHTA INMHEÁNAÍ.....	24
INIÚCHÓIRÍ SEACHTRACHA.....	25
RÓL AN AONAI AIRGEADAIS.....	25
BAINISTÍOCHT RIOSCA.....	26
NOCHTADH COSANTA.....	27
BAINISTÍOCHT TAIFEAD.....	27
TAIFID AGUS IARRATAIS AR ROCHTAIN.....	28
SAORÁIL FAISNÉISE.....	28
COSAINT SONRAÍ.....	28

SOLÁTHAR POIBLÍ.....	29
CREAT-CHOMHAONTUITHE.....	30
SOLÁTHAR TFC.....	30
PRIONSABAIL LUACH AR AIRGEAD.....	31
<u>ATHBHREITHNIÚ.....</u>	<u>32</u>
<u>IARSCRÍBHINN 1:</u>	<u>33</u>
STRUCHTÚR MIONSONRAITHE NA FOIRNE BAINISTÍOCHTA.....	33

Réamhrá

Is éard is Rialachas Corparáideach ann an córas, na prionsabail agus na próisis lena ndéantar eagraíochtaí a threorú agus a rialú. Tá bunphrionsabail an rialachais chorparáidigh bunaithe ar bhainistíocht mhacánta chothrom na heagraíochta, trédhearcacht, chomh maith le gach nochtadh is gá a dhéanamh agus an reachtaíocht iomchuí a chomhlíonadh. Éascaíonn dea-rialachas bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil a chruthaíonn luach agus seirbhís custaiméirí den scoth dár bpáirtithe leasmhara éagsúla.

Leagtar amach sa doiciméad seo an chaoi a bhfeidhmíonn Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise, Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus an Coimisiún Reifrinn (nuair a bhunaítear é). Déanann na hOifigí seo, dá ngairtear an 'Oifig' le chéile ar fud an doiciméid, feidhmeanna reachtúla ar leithligh agus ar leith.

Tá an Oifig seo tiomanta do struchtúir, próisis agus córais dhea-chleachtais a thacaíonn le feidhmiú rathúil dualgas ar bhealach eiticúil, cuntasach, trédhearcach agus éifeachtach. Creidimid go láidir go bhfuil dea-rialachas corparáideach riachtanach chun tacú le tosaíochtaí straitéiseacha na hOifige a sholáthar. Agus socruithe rialachais á ndoiciméadú, is féidir lenár bpáirtithe leasmhara a bheith cinnte go bhfuil beartais agus cleachtais dea-rialachais leabaithe i gcultúr na hOifige.



Ger Deering

An tOmbudsman & An Coimisinéir Faisnéise



Elaine Cassidy

Ard-Stiúrthóir

1. Léargas ginearálta na hOifige

Róil na nOifigí

Clúdaíonn an doiciméad seo Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF), Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil (OCFC), an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPOC) agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA). Comhlíonann gach ceann de na cúig Oifig feidhmeanna reachtúla ar leithligh agus éagsúla. Mar sin féin, feidhmíonn siad mar ghníomhaireacht chónasctha aonair faoi Vóta amháin agus Oifigeach Cuntasaíochta amháin agus mar fhoireann bainistíochta a bhainistíonn an Oifig, agus neamhspleáchas agus feidhmeanna reachtúla gach ceann de na comhchodanna á gcosaint agus á gcaomhnú ag an am céanna. Tá a líon foirne féin ag gach Oifig ach roinntear an fhoireann agus na córais airgeadais, acmhainní daonna, dlí, cumarsáide agus teicneolaíochta faisnéise.

Baineann Oifig an Ombudsman go príomha le gearáin aonair maidir le soláthraithe seirbhíse poiblí áirithe a bhreithniú, agus sásamh aonair a lorg nuair is cuí agus feabhsuithe ar sheirbhísí poiblí a fháil. Is é an tAcht Ombudsman (Leasú), 2012, an reachtaíocht rialaithe bainteach leis. Scrúdaíonn an Oifig freisin gearáin faoi theipeanna ag soláthraithe seirbhíse poiblí foirgnimh, seirbhísí agus faisnéis inrochtana a sholáthar, mar a éilítear faoi Chuid 3 den Acht um Míchumas, 2005.

Is iad príomhfheidhmeanna OIC athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí comhlachtaí poiblí maidir le hiarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI), 2014 agus nuair is gá, cinntí ceangailteacha nua a dhéanamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise lena chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí forálacha na reachtaíochta.

Bunaíodh OCFC leis na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil, 2007. Is é ról an Choimisinéara cinneadh a dhéanamh ar achomhairc ó dhaoine den phobal nach bhfuil sásta le toradh a n-iarrataí chuig údarais phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil. Go sonrach, foráiltear leis na Rialacháin gur féidir leis an gCoimisinéir athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí na n-údarás poiblí agus gur féidir leis cinntí ceangailteacha a dhéanamh maidir le rochtain ar fhaisnéis chomhshaoil.

Is é fócas rúnaíocht SIPOC maoirseacht a dhéanamh ar an reachtaíocht Eitice agus Toghcháin, arb é a spiorad cuntasacht agus ardchaighdeán a chinntiú i saol poiblí na hÉireann. Tá ról maoirseachta aige faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, arna leasú ag an Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, (na hAchtanna um Eitic), faoin Acht Toghcháin, 1997, arna leasú, (na hAchtanna Toghcháin), faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014, (an tAcht um Líuntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte) agus faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015. Foráiltear leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, do Chlár Brústocaireachta gréasán-bhunaithe chun faisnéis a chur ar fáil don phobal maidir le céannacht na ndaoine a dhéanann cumarsáid le hoifigigh phoiblí ainmnithe maidir le beartas sonracha, cúrsaí reachtacha nó cinntí ionchasacha. Ina ról mar Rialálaí Brústocaireachta, déanann SIPOC maoirseacht ar chur i bhfeidhm an chláir, déanann sé monatóireacht ar chomhlíonadh, soláthraíonn sé treoir agus cúnamh agus nuair is gá déanann sé imscrúdú agus saothrú ar shárúithe ar cheanglais dhlíthiúla.

Tá an CPSA freagrach as próisis earcaíochta agus ceapacháin san earnáil phoiblí a rialáil. Bunaíodh é leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus tá sé faoi cheangal ag an dlí a chinntiú go ndéantar earcaíocht agus roghnú ar bhealaí cothroma, oscailte, cuimsitheacha agus bunaithe ar fhiúntas.

Cuireann an Oifig rúnaíocht ar fáil don Choimisiún Reifrinn freisin, nuair a bhunaítear í. Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún agus is iad na príomhfheidhmeanna atá aige ábhar tograí reifrinn a mhíniú, feasacht an phobail ar reifreann a chur chun cinn agus daoine a spreagadh chun vóta a chaitheamh. Tá sé maoinithe ag Vóta na Roinne coimircíochta.

Is féidir faisnéis níos mionsonraithe maidir le hoibriú gach Oifige a fháil sa chuid 'Maidir Linne' dá láithreáin ghréasáin faoi seach - [Oifig an Ombudsman](#), [Oifig an Choimisinéara Faisnéise](#), [Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil](#), an [Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, Brústocaireacht a Rialáil](#), an [Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí](#) agus an [Coimisiún Reifrinn](#).

Tá tírdhreach na seirbhísí poiblí ag síorathrú agus dá bhrí sin caithfear leis an gCreat seo mar dhoiciméad dinimiciúil, a nuashonrófar go rialta agus aird á tabhairt ar chiorcláin ghaolmhara agus ar threoir ghaolmhar.

Luachanna, Iompraíochtaí & Cultúr

Is í an fhís atá againn ná 'Cothroime, trédhearcacht, cuntasacht agus seirbhísí poiblí den scoth a chur chun cinn'. Bainfear é seo amach trí na cuspóirí seo a leanas, mar atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach 2019 - 2021.

- Feabhsuithe sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn agus tionchar a imirt orthu
- An tseirbhís phoiblí a chumasú agus tacú leo chun caighdeán dea-chleachtais a bhaint amach agus a chothabháil
- Cumas eagraíochtúil a threisiú chun seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara go léir
- Feasacht an phobail ar ár ról a fheabhsú agus conas rochtain a fháil ar ár seirbhísí d'fhonn ár dtionchar ar an tseirbhís phoiblí a bharrfheabhsú

Tá ár luachanna, atá leagtha amach thíos, mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuspóirí straitéiseacha agus cuidíonn siad leis an mbealach a ndéanaimid ár seirbhísí a sholáthar a mhúnlú:

Neamhspleáchas - Scrúdóimid gearáin, déanfaimid athbhreithnithe, agus déanfaimid cinntí ar bhealach cóir, oibiachtúil agus neamhchlaonta.

Fócas ar Chustaiméirí - Tá sé mar aidhm againn barr feabhais agus gairmiúlacht a bhaint amach i seachadadh ár seirbhísí. Comhlíonfaimid caighdeán cháilíochta shainithe agus déanfaimid athbhreithniú leanúnach ar ár bhfeidhmíocht chun a chinntiú go bhfanfaidh an custaiméir i gcroílár gach rud a dhéanaimid.

Cothroime - Tá sé ríthábhachtach caitheamh le gach duine le meas, le dínit agus le cothroime dár gcaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Cuireann sé freisin le timpeallacht oibre shláintiúil a chuireann rannpháirtíocht, oscailteacht agus trédhearcacht chun cinn.

Ionbhá - Tuigimid go mbaineann ár gcustaiméirí leas as ár seirbhísí go ginearálta tar éis gach bealach eile atá ar fáil dóibh a úsáid. Éistfimid go cúramach lenár gcustaiméirí d'fhonn a n-imní a thuiscint agus a bheith íogair dóibh.

Nuálaíocht - Cuirfimid feabhsuithe leanúnacha feidhmíochta ar fáil agus bainfimid leas as modhanna dea-chleachtais chun seirbhís den chéad scoth a sholáthar agus chun é sin a dhéanamh cuirfimid le muinín i soláthar seirbhíse poiblí.

Is é an tUachtarán a cheapann an tOmbudsman agus an Coimisinéir Faisnéise (duine amháin faoi láthair) ar ainmniú an Oireachtais, ar feadh téarma seasta oifige. Tá an tOmbudsman ina bhall den SIPO, CPSA agus an Coimisiúin Reifrinn freisin. Is státseirbhísigh de chuid an Stáit iad gach ball foirne eile san Oifig.

Ceapacháin Foirne

Nuair a cheaptar iad, tugtar cóip de Chiorclán 7/98 do gach ball foirne, ina leagtar amach oibleagáidí státseirbhíseach maidir le rúndacht agus ionracas i gcomhlíonadh dualgas oifigiúil. Faigheann an fhoireann cóip freisin de Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse agus cód caighdeán agus iompair na hOifige araon, a léiríonn an t-iompar a bhfuiltear ag súil leis ón bhfoireann faoi Chód na Státseirbhíse. Ní mór don fhoireann a dheimhniú gur léigh siad agus gur thuig siad na trí dhoiciméad seo, toisc gur cuid de théarmaí agus coinníollacha a seirbhíse iad.

Cuirtear Cód Araíonachta na Státseirbhíse, Dínit san Ionad Oibre (beartas frithbhulaíochta, ciaptha agus gnéaschiaptha na státseirbhíse), ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta na hOifige agus ár mbeartais um Nochtadh Cosanta agus Deasc Ghlan ar fáil don fhoireann freisin. Clúdaítear na doiciméid trí ionduchtú foirne, a chuimsíonn modúl freisin maidir le luachanna, iompraíochtaí agus eitic na hOifige.

Cairt Seirbhíse na gCliaint


Tá an Oifig tiomanta d'ardchaighdeán seirbhíse a chur ar fáil dár gcliaint go léir de réir phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí mar atá faofa ag an Rialtas. Soláthraímid seirbhísí do raon leathan cliaint, lena n-áirítear gearánaigh aonair agus a n-ionadaithe, ionadaithe tofa ar nós Teachtaí Dála, Seanadóirí agus baill údaráis áitiúil, baill de na meáin, Soláthraithe Seirbhíse Poiblí, agus go leor comhlachtaí agus eagraíochtaí deonacha agus ionadaíocha.

Tá Cairt Seirbhíse na gCliaint do gach Oifig ar fáil ar leathanach baile na suíomhanna gréasáin faoi seach. Leagtar amach sna doiciméid na caighdeáin seirbhíse a bhfuil sé mar aidhm againn a sholáthar dár gcustaiméirí. Déantar cur síos ann freisin ar ár nósanna imeachta maidir le gearán a dhéanamh i


gcoinne ball foirne. Más cosúil go bhfuil dóthain substainte ag an ábhar, ainmníonn an tArd-Stiúrthóir ball foirne cuí chun gníomhú mar Oifigeach Gearán, a scrúdóidh an gearán agus a dhéanfaidh moltaí ina leith don Ard-Stiúrthóir.

Struchtúr na hEagraíochta

Mar atá leagtha amach níos luaithe sa doiciméad seo, is éard atá san Oifig roinnt comhlachtaí a bhfuil feidhmeanna reachtúla ar leith acu, a ndéanann Foireann Bainistíochta maoirseacht ar a gcuid gníomhaíochtaí (féach Cuid 3) agus maoinithe ag Vóta amháin.



*Cuireann Oifig an Ombudsman seirbhísí ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, don Choimisiún um Cheapacháin Seirbhísí Poiblí agus don Choimisiún Reifrinn (nuair a bheidh sé comhdhéanta) i bhfoirm rúnaíochta agus seirbhísí comhroinnte eile. Is é an tArd-Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta do na feidhmeanna reachtúla seo. Tuairiscíonn na rúnaíochtaí dá gCoimisiún maidir le cinntí reachtúla agus feidhmeanna eile a bhaineann lena sainordú reachtach; agus don Ard-Stiúrthóir maidir le hábhair a bhaineann le bainistíocht foirne agus



**Is é Ard-Stiúrthóir/Stiúrthóir an CCSP an duine céanna.

Pleanáil Straitéiseach, Cinnteoireacht & Bainistíocht Feidhmíochta

D'fhoilsigh Oifigí an Ombudsman agus an Choimisinéara Faisnéise Ráiteas Straitéiseach athbhreithnithe in 2019, inar aithníodh ceithre chuspóir ardleibhéil mar phríomh-chumasóirí chun a bhfís a bhaint amach, mar seo a leanas:

- Feabhsuithe sa tseirbhís phoiblí a thiomáint agus tionchar a imirt orthu
- An tseirbhís phoiblí a chumasú agus tacú leo chun caighdeán dea-chleachtais a bhaint amach agus a chothabháil
- Cumas eagraíochtúil a threisiú chun seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara go léir
- Feasacht an phobail ar ár ról a fheabhsú agus conas rochtain a fháil ar ár seirbhísí d'fhonn ár dtionchar ar an tseirbhís phoiblí a bharrfheabhsú

Ullmhaíonn an CPSA agus SIPO ráitis straitéiseacha ar leithligh. Cé nach mbaineann an Ráiteas ach le hOifigí an Ombudsman, an Choimisinéara Faisnéise agus an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil, i bhfianaise roinnt na foirne ar fud na gcúig Oifig go léir, de réir riachtanais agus thosaíochtaí gach Oifige, tá go leor gnéithe den doiciméad ábhartha go soiléir don fhoireann go léir. D'aithin an Ráiteas luachanna eagraíochtúla freisin, mar atá leagtha amach ar leathanach a sé den doiciméad seo.

Pleanáil Ghnó

Ceanglaítear ar gach réimse den Oifig gach bliain Plean Gnó a chur le chéile, ina leagtar amach na príomh-aschuir a chuirfear ar fáil d'fhonn cuspóirí na Ráiteas Straitéiseach a bhaint amach. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú ar na pleananna ar bhonn ráithiúil. Cuirtear nuashonruithe foirmiúla ar dhul chun cinn ar fáil freisin do gach ball foirne ar bhonn leathbhliantúil.

Tuarascálacha Bliantúla

Ullmhaíonn gach Oifig Tuarascálacha Bliantúla, faoin reachtaíocht chuí, agus leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad. Déantar athbhreithniú sna tuarascálacha ar dhul chun cinn gnó na bliana roimhe sin agus tugtar breac-chuntas ar fhorbairtí agus ar éachtaí suntasacha na hOifige.

Socruithe Cumarsáide Inmheánaí

Tá dea-chumarsáid inmheánach ríthábhachtach d'fheidhmiú rathúil na hOifige agus chun a chinntiú go bhfuil spriocanna foirne ailínithe leis na haidhmeanna eagraíochtúla. Is iad seo a leanas cuspóirí foriomlána ár Straitéise Cumarsáide Inmheánaí:

- Cultúr láidir cumarsáide a chothú laistigh den Oifig trí shreabhadh faisnéise a chruthú ar fud na heagraíochta
- Cultúr a fhorbairt ina mothaíonn bainisteoirí agus baill foirne go bhfuil siad spreagtha agus cumhachtaithe chun cur leis an eagraíocht, agus ina bhfeictear cumarsáid agus comhroinnt eolais mar chomhfhreagracht

Agus na cuspóirí á mbaint amach, cinnteoidh sé an méid seo a leanas:

1. Tá an fhoireann ar an eolas i gcónaí, agus bíonn an fhaisnéis acu chun a gcuid post a dhéanamh go héifeachtúil agus go héifeachtach
2. Moltar don fhoireann a dtuairimí agus a n-ábhair imní a chur chun cinn
3. Bíonn an fhoireann rannpháirteach go gníomhach i bpleanáil agus i gcinnteoireacht
4. Cuirtear faisnéis ábhartha in iúl do na daoine cuí, ar an mbealach cuí agus ag an am cuí
5. Tuigeann gach duine cuspóirí agus luachanna na hOifige, agus bíonn siad rannpháirteach sa chultúr. Tugtar tacaíocht ghníomhach don fhoireann agus tugtar dúshlán dóibh a n-uailmhianta agus uailmhianta na hOifige a bhaint amach
6. Cruthaítear timpeallacht oscailteachta, macántachta, comhsheasmhachta agus soiléireachta cumarsáide
7. Coinnítear baill foirne, beag beann ar a suíomh, (ríomhoibrithe, oibrithe páirtaimseartha agus iad siúd atá ar shaoire shínte), ar an eolas faoina bhfuil ar siúl san oifig
8. Faigheann an fhoireann aiseolas ar a gcuid oibre agus tugtar aghaidh ar a riachtanais forbartha
9. Tá bealaí soiléire cumarsáide (lena n-áirítear a t-inlón, nuachtlitir, cruinnithe foirne)

D'fhonn tacú le cumarsáid láidir inmheánach agus í a spreagadh, soláthraíonn an Oifig tuairiscí foirne leathbhliantúla i dtaca leis an dul chun cinn ar an Ráiteas Straitéiseach; cuirtear amach nuachtlitir foirne ráithiúil dar teideal 'Fair Play' agus tá Coiste Comhpháirtíochta gníomhach ann chomh maith. Is acmhainn chumarsáide an-tábhachtach é an t-inlíon foirne agus déantar nuashonrú rialta air le hábhar nua ionas go gcoinnítear an fhoireann ar an eolas faoi chúrsaí. Glacann an Oifig páirt sa phróiseas CBFF, a spreagann dea-chumarsáid idir an fhoireann, na bainisteoirí líne agus an bhainistíocht shinsearach. Soiléirítear saincheisteanna amhail spriocanna oibre agus dul chun cinn maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach, agus cuireann sé bealach ar fáil freisin don fhoireann chun riachtanais oiliúna a aithint.

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha

Bíonn ár nOifig i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse poiblí agus le gníomhaireachtaí seachtracha agus déanann sí a dícheall dea-chaidrimh oibre a chothú lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le cumarsáid dhá threo chun cúrsaí a bhfuil tábhacht ag baint leo a chur chun cinn. Roinneann an Oifig ábhar treorach le comhlachtaí agus leis an bpobal ar bhonn rialta. Cuireann sé bileoga eolais míniúcháin ar fáil freisin maidir lena ról in earnálacha éagsúla ar nós Sláinte nó Oideachas, chomh maith le hábhar faisnéise ginearálta, mar shampla, ceisteanna coitianta ar gach réimse oibre. Tá na doiciméid ar fáil ar ár láithreáin ghréasáin agus déantar iad a dháileadh ar sholáthraithe seirbhíse ábhartha freisin.

Oifig an Ombudsman

Táirgeann Oifig an Ombudsman 'Cásleabhar' ráithiúil, ina ndéantar achoimre ar thorthaí cásanna agus ar féidir léi feidhmiú mar uirlis foghlama / taighde do sholáthraithe seirbhíse poiblí. Tá clár for-rochtana gníomhach ag an Oifig freisin agus tá acmhainní leithdháilte aige ar Aonad tiomnaithe Cáilíochta, Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara agus Cumarsáide atá faoi stiúir an Chinn Cumarsáide. Bíonn an tOmbudsman i dteagmháil freisin leis an Roghchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus leis an Taoiseach maidir lena Thuarascáil Bhliantúil, maidir le saincheisteanna leanúnacha a bhfuil tábhacht mhór leo don Oifig agus maidir lena fhís do thodhchaí Oifig an Ombudsman. Dá réir sin, tá ról ag an Roghchoiste maidir lena chinntiú go ndéantar gníomhú ar cháineadh agus ar mholtaí an Ombudsman maidir le soláthraithe seirbhíse poiblí.

Oifig an Choimisinéara Faisnéise & An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil

Chomh maith le gach cinneadh athbhreithnithe a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin, foilsíonn OCF treoir-nótaí ginearálta freisin, a thugann tráchttaireacht ghearr ar léirmhíniú agus ar chur i bhfeidhm an Choimisinéara ar ghnéithe éagsúla den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Dá bhrí sin, ba cheart go gcabhródh na nótaí le comhlachtaí saorála faisnéise sa phróiseas cinnteoireachta um Shaoráil Faisnéise. Foilsítear Lámhleabhair Nósanna Imeachta ar an láithreán gréasáin freisin. Cuireann imscrúdaitheoirí agus baill foirne eile go rialta le ceardlanna agus imeachtaí oiliúna a reáchtálann comhlachtaí poiblí agus daoine eile. Bíonn OCF i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar ábhair a bhaineann leis an reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise agus déanann OCFC idirchaidreamh leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir leis an gcóras um Rochtain ar Fhaisnéis Comhshaoil (AIE) agus coinbhinsiún Aarhus. Cuireann OCFC imeachtaí oiliúna d'údaráis phoiblí agus do sheimineáir acadúla agus dlí ar ról an Choimisinéara in AIE i láthair freisin.

An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

Foilsíonn an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí treoirlinnte agus uirlisí faisnéise reachtúla do dhaoine agus d'eagraíochtaí a bhfuil oibleagáid orthu faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic), faoin Acht Toghcháin, 1997, arna leasú, faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte)(Leasú), 2014 agus faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

Déanann an Coimisiún gníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana freisin atá dírithe ar chomhaltaí an Oireachtais, sealbhóirí oifige, oifigigh phoiblí ainmnithe, brústocairí, comhlachtaí poiblí, páirtithe polaitiúla, tríú páirtithe, iarrthóirí agus gníomhairí toghcháin chun feasacht a mhúscailt ar a n-oibleagáidí reachtúla faoi na hachtanna. Bíonn an Coimisiún i dteagmháil le ranna rialtais ábhartha, le Tithe an Oireachtais, agus le Coistí ábhartha maidir le reachtaíocht agus foirmeacha beartaithe. I measc na ngníomhaíochtaí for-rochtana tá fógraíocht, labhairt ag imeachtaí ar fud na tíre, ailt a fhoilsiú in irisí trádála, seisiúin faisnéise tí oscailte a óstáil, agus idirchaidreamh a dhéanamh leis na meáin de réir mar is gá.

Tá cumhachtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe ag an gCoimisiún freisin faoin reachtaíocht eitice, toghcháin agus brústocaireachta, lena n-áirítear cumhachtaí chun cionta a ionchúiseamh go

hachomair faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil. Faigheann an Coimisiún gearáin, déanann sé measúnuithe cáis, réamhfhiosrúcháin agus imscrúduithe, agus féadfaidh sé cionta áirithe a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó chuig an nGarda Síochána. Coinníonn an Coimisiún dhá shuíomh gréasáin (www.sipo.ie agus www.lobbying.ie), ina bhfuil réimse leathan ábhar treorach, Ceisteanna Coitianta agus físeáin faisnéise atá curtha in oiriúint do lucht féachana éagsúla.

An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Foilsíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) a thuarascálacha iniúchta ar a shuíomh gréasáin. Coinníonn sé cásleabhar freisin, ina leagtar amach seasamh an CPSA maidir leis na gearáin is coitianta a fhaigheann sí maidir le próisis earcaíochta agus roghnúcháin a reáchtáil. Ina theannta sin, tá tuarascálacha bliantúla, ráiteas straitéise agus Ceisteanna Coitianta an CPSA ar fáil ar an láithreán gréasáin.

Aithnímid go bhfuil athrú tagtha ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn ár gcustaiméirí leis an Oifig i bhfianaise na bhfeabhsuithe sa teicneolaíocht agus toisc gur acmhainn chumarsáide ríthábhachtach agus láithreach é an tIdirlíon anois. Déanann ár dTionscnaimh Straitéiseacha a ndícheall leas a bhaint as seo agus tá sé mar aidhm acu éifeachtúlacht ár ngníomhaíochtaí laethúla a fheabhsú agus taithí ár gcustaiméirí ar sheirbhísí poiblí a shimpliú ag an am céanna. Is iad ár láithreáin ghréasáin an acmhainn faisnéise is tábhachtaí atá ar fáil don Oifig chun faisnéis a sholáthar faoinár ról éagsúla ar bhealach atá inrochtana go héasca do lucht féachana forleathan agus éagsúil.

2. Ról Na Bainistíochta Sinsearaí & Sannadh Freagrachtaí

Is gné ríthábhachtach d'Fhoireann Bainistíochta éifeachtach é dea-rialachas corparáideach, a bhfuil sé mar ról aici cuspóirí agus spriocanna a leagan síos, straitéis a fhorbairt agus beartais a bhunú a chuirfidh ar chumas na hOifige a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach go rathúil agus feidhmíocht láidir a choinneáil.

Ról an Ombudsman agus an Choimisinéara Faisnéise/An Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil

Is é an tUachtarán a cheapann an tOmbudsman agus an Coimisinéir Faisnéise (duine amháin faoi láthair) ar ainmniú an Oireachtais, ar feadh téarma seasta oifige. Tá an tOmbudsman/an Coimisinéir Faisnéise neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

An tOmbudsman

Is é príomhról an Ombudsman scrúdú a dhéanamh ar ghearáin maidir le gníomhartha riaracháin soláthraithe seirbhíse poiblí agus a chinneadh an raibh drochriarachán agus drochthionchar mar thoradh ar na gníomhartha nó nach raibh. Féachann sé freisin le feabhsuithe a bhrú chun cinn san earnáil phoiblí i gcoitinne. De ghnáth cuirtear tús le himscrúduithe de bhun gearáin ach tá sé de chumhacht ag an Ombudsman imscrúduithe féintionscnaimh a dhéanamh freisin, gan gearán sonrach a bheith faighte aige. Chomh maith le dul i ngleic le drochriarachán ar fud earnála ar leith trí imscrúdú amháin, tugann imscrúduithe féintionscnaimh deis don Ombudsman aird an phobail a tharraingt ar ábhair a bhfuil leas suntasach poiblí ag baint leo.

Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar ghearán i gcoinne soláthraí seirbhíse poiblí, déanfaidh an tOmbudsman cinneadh. Má sheastar leis an ngearán, féadfaidh an tOmbudsman moladh a dhéanamh don soláthraí seirbhíse poiblí sin a bhfuil sé mar aidhm aige an drochriarachán a tharla a cheartú. Féadfaidh an tOmbudsman an moladh sin a dhéanamh freisin le soláthraithe seirbhíse poiblí eile má mheasann sé go rachadh sé chun tairbhe dóibh gníomhú ina leith freisin.

Bíonn an tOmbudsman i dteagmháil leis an gCoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus leis an Taoiseach maidir lena Thuarascáil Bhliantúil, saincheistanna leanúnacha a bhfuil tábhacht mhór leo don Oifig chomh maith lena fhís do thodhchaí Oifig an Ombudsman. Dá réir sin, tá ról ag an gCoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú maidir lena chinntiú go ndéantar gníomh ar cháineadh agus ar mholtaí an Ombudsman maidir le soláthraithe seirbhíse poiblí.

Scrúdaíonn an tOmbudsman gearáin faoin Acht um Míchumas, 2005 freisin. Leagtar leis an tAcht dualgas reachtúil ar sholáthraithe seirbhíse poiblí tacú le rochtain ar sheirbhísí agus ar shaoráidí do dhaoine faoi mhíchumas. Is féidir gearán a dhéanamh leis an Ombudsman maidir le mainneachtain

comhlachta phoiblí Cuid 3 den Acht um Míchumas a chomhlíonadh. Go sonrach, féadfaidh an tOmbudsman imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin maidir le rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar fhoirgnimh phoiblí, ar sheirbhísí poiblí agus ar fhaisnéis phoiblí.

Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil

Tá an Coimisinéir Faisnéise neamhspleách freisin agus é i mbun a chuid dualgas. Tá cinntí an Choimisinéara Faisnéise ceangailteach agus ní féidir achomharc a dhéanamh ina gcoinne ach chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí. Tugann an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 cumhachtaí suntasacha don Choimisinéir chun ligean dó a fheidhm a chomhlíonadh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chinntí comhlachtaí atá faoi shainchúram. Má mheasann sé nach leor cinneadh, féadfaidh sé, faoi Alt 23, a cheangal go n-eiseofar cinneadh nua.

Faoi Alt 45, féadfaidh an Coimisinéir a cheangal ar aon duine a mheasann sé go bhfuil faisnéis aige nó aici atá ábhartha maidir le cás nó imscrúdú í a sholáthar don Oifig. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisinéir a cheangal ar an duine freastal os a chomhair chun an fhaisnéis a chur i láthair. Féadfaidh sé dul isteach in aon áitreabh atá á áitiú ag comhlacht atá faoi shainchúram agus a cheangal ar aon duine a fhaightear san áitreabh doiciméid a sholáthar, ar doiciméid iad a fhéadfaidh sé a chóipeáil agus a choinneáil ar feadh tréimhse réasúnta.

Aon duine a chuireann bac ar an gCoimisinéir i gcomhlíonadh a athbhreithnithe nó a fheidhmeanna imscrúdaithe, tá sé nó sí ciontach i gcion agus, de réir Alt 45, d'fhéadfaí fíneáil a ghearradh nó a chur i bpríosún ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí.

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Faisnéise leis na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil, , 2007. Is é ról an Choimisinéara cinneadh a dhéanamh ar achomhairc ó dhaoine den phobal nach bhfuil sásta le toradh a n-iarrataí chuig údaráis phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil.

Go sonrach, foráiltear leis na Rialacháin gur féidir leis an gCoimisinéir athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí na n-údarás poiblí agus, de réir an dlí, gur féidir leis cinntí ceangailteacha a dhéanamh maidir le rochtain ar fhaisnéis chomhshaoil.

Ról an Ard-Stiúrthóra / an Oifigh Chuntasaíochta

Is é an tArd-Stiúrthóir Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige agus ball den Státseirbhís. Tá freagracht bainistíochta líne uirthi as gach ball foirne san Oifig. Faigheann sí tacaíocht ó Fhoireann Bainistíochta oifigeach ag leibhéal an Phríomhoifigh, a fheidhmíonn mar Chinn Na nAonad Gnó.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta tá sí freagrach go pearsanta as cistí poiblí agus maoin atá faoina rialú a chosaint; as rialacht agus cuibheas na n-idirbheart go léir i ngach Cuntas Leithreasa ar a bhfuil a síniú; agus as éifeachtúlacht agus barainneacht riaracháin ina hOifig. De ghnáth ceaptar Ceann na hOifige sa Státseirbhís a riarann an Vóta mar Oifigeach Cuntasaíochta ar an mbonn go bhfuil siad féin in ann freagracht a chomhlíonadh as an airgead a chuirtear de chúram ar an Oifig, as an úsáid a bhaintear as a cuid acmhainní agus as rialú na sócmhainní atá ina coimeád, amhail talamh, foirgnimh, siopaí, trealamh nó maoin eile.

Chomh maith leis an méid thuas agus, mar Oifigeach Cuntasaíochta, cé gur féidir léi socruithe a chur i bhfeidhm chun cabhrú le gnéithe na n-oibleagáidí rialachais seo a leanas, ní féidir léi cuntasacht a tharmligean chuig fo-oifigh. Is iad seo a leanas na riachtanais sin:

- Cuntais Leithreasa a ullmhú agus a chur i láthair
- Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19
- An Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais a sholáthar don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste leis an gCuntas Leithreasa Bliantúil
- Láithriú os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí
- Feidhm Iniúchta Inmheánaigh a chur i bhfeidhm
- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhunú
- Bronnadh conarthaí móra a cheadú

Tagann an tOifigeach Cuntasaíochta os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí chun déileáil le saincheistanna a eascraíonn as tuarascálacha ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus as nithe eile a bhaineann le gníomhaíochtaí na hOifige ar mian leis an gCoiste iad a plé.

3. Foireann Bainistíochta Agus Struchtúir Rialachais eile

Foireann Bainistíochta

Is fóram feidhmiúcháin agus comhairleach í an Fhoireann Bainistíochta a thugann le chéile an tOmbudsman / Coimisinéir Faisnéise, an tArd-Stiúrthóir agus na Cinn Aonad Gnó chun comhoibriú i gceannaireacht agus i mbainistíocht na nOifigí éagsúla. Trí fhreagracht chomhghleacúil a ghlacadh as saincheisteanna tras-eagraíochta, déanann an Fhoireann Bainistíochta cothromaíocht idir freagrachtaí aonair na hOifige dá comhaltaí agus a bhfreagracht chorpáraideach mar fhoireann Ardbhainistíochta. Is é sainchúram na Foirne Bainistíochta maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí agus cuspóirí straitéiseacha na nOifigí go léir a bhaint amach. Tá a ról agus a théarmaí tagartha leagtha amach ar bhealach níos mionsonraithe thíos.

Ballraíocht

Is éard atá san Fhoireann Bainistíochta (féach Struchtúr na hEagraíochta, leathanach 8 agus Aguisín 1) an tOmbudsman, an tArd-Stiúrthóir agus na Príomhoifigigh, atá freagrach as Seirbhísí Corparáideacha agus TFC, Dlí, Cáilíocht, Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus Cumarsáid, SIPOC, OIC, OCEI, Ombudsman agus CPSA.

Róil na Foirne Bainistíochta

Is iad seo a leanas freagrachtaí na Foirne go sonrach:

- Tacú leis an Ombudsman i bhforbairt agus i seachadadh Pleananna Straitéiseacha agus Gnó
- Tosaíocht ghníomhaíochtaí na hOifige a chomhaontú chun an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla a bhaint as acmhainní
- Feidhmíocht airgeadais agus gníomhaíochta a mheas i gcomparáid le príomh-aschuir / spriocanna comhaontaithe chun éifeachtacht na rialuithe airgeadais agus bainistíochta a chinntiú
- Bagairtí agus deiseanna sa timpeallacht riosca a shainaithint go réamhghníomhach, na rioscaí atá ann cheana a athbhreithniú agus a bhainistiú agus a chinntiú go ndéantar an clár rioscaí a nuashonrú dá réir

- Bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeartas agus na nósanna imeachta san Oifig
- Breithniú a dhéanamh ar impleachtaí mholtaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus a chinntiú go ndéantar gníomhartha cuí
- A chinntiú go seachadann tionscadail trasfheidhmiúla an t-aschur agus an éifeachtacht is fearr trí acmhainní a leithdháileadh go cuí
- Nuálaíocht a spreagadh agus a chur chun cinn ar fud ghníomhaíochtaí na hOifige
- Foireann éifeachtach a chothú a oibríonn ar fud raon feidhmeanna na hOifige chun an éifeachtúlacht agus an éifeachtacht is fearr a chinntiú
- Modhanna oibre agus iompar a chur chun cinn a léiríonn croíluachanna na hOifige

Cruinnithe

Tionóltar cruinnithe gach mí, seachas mí Lúnasa. Níl aon chóram socraithe ann do chruinnithe na Foirne Bainistíochta, ach ní dócha go rachaidh siad ar aghaidh le níos lú ná cúigear ball i láthair. Socraítear dátaí i mí Eanáir agus ní mór go mbeadh sé mar aidhm ag na baill freastal ar gach cruinniú.

Is iad seo a leanas na míreanna seasta don chlár oibre:

- Athbhreithniú ar ghníomhartha ó chruinniú na Foirne Bainistíochta roimhe seo
- Tuarascálacha nuashonraithe gnó ó gach Oifig
- Tuarascáil Airgeadais Mhíosúil
- Tuarascálacha ráithiúla ar Chlár Riosca na hOifige
- Príomhtheachtaireachtaí /achoimre don fhoireann

Tá míreanna breise sceidealaithe sa chlár oibre de réir mar is cuí freisin.

Tuairisciú

Déantar cinntí agus príomhphointí a ardaítear ag cruinnithe a thaifeadadh go foirmiúil. Scaiptear príomhtheachtaireachtaí ón gcruinniú ar an bhfoireann go léir díreach tar éis an chruinnithe agus scaiptear miontuairiscí iomlána ar an bhfoireann go léir, nuair a aontaítear iad. Cuireann baill na Foirne Bainistíochta nuashonrú ar fáil dá bhfoireann ag cruinnithe foirne, atá sceidealta a luaithe is indéanta tar éis an chruinnithe.

Coistí

Tá an Fhoireann Bainistíochta freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí gnó na hOifige agus as an Ráiteas Straitéiseach a sheachadadh. Mar sin féin, is gá freagracht as cúraimí nó tionscadail ar leith a tharmligean chuig coistí na hOifige, a thuairiscíonn ar an dul chun cinn don Fhoireann Bainistíochta. Tá sonraí faoi phríomhchoistí na hOifige leagtha amach go hachomair thíos.

An Coiste Comhpháirtíochta

Tá ról lárnach ag an gCoiste Comhpháirtíochta i bhforbairt an phróisis chomhpháirtíochta idir foireann na hOifige, ionadaithe ceardchumann agus an bhainistíocht trí rannpháirtíocht éifeachtach idir na páirtithe éagsúla a éascú. Is é ról an Choiste, agus aird chuí á tabhairt ar leasanna na hOifige agus a foirne, guth a chur ar fáil don fhoireann maidir le cúrsaí Oifige, cabhrú le hathrú a chur i bhfeidhm, agus na sásraí caidrimh thionsclaíoch atá ann cheana a chomhlánú, nuair is cuí.

Is éard atá i mballraíocht an Choiste an tArd-Stiúrthóir, beirt ionadaithe ón mBainistíocht Shinsearach, ionadaí ó gach ceann de na trí Aontas agus ceathrar ionadaithe foirne. Is post ainmnithe é ról an Rúnaí, a ndéantar athbhreithniú air gach dhá bhliain. Déantar sealáíocht ar ról an Chathaoirligh gach dhá chruinniú.

Tionóltar cruinnithe ar bhonn ráithiúil. Tá ionadaithe an Aontais agus ionadaithe foirne freagrach as clár oibre an Choiste a eisiúint don fhoireann a ndéanann siad ionadaíocht orthu roimh chruinnithe agus as aon tráchtanna nó saincheisteanna a lorg maidir le míreanna atá le plé faoin 'bhfóram oscailte'. Ní mór d'ionadaithe an Aontais agus na foirne a áirithiú freisin go gcuirfear miontuairiscí an chruinnithe in iúl go héifeachtach do na baill foirne sin a luaithe a eisítear na miontuairiscí agus laistigh de dhá lá ón gcruinniú a bheith ar siúl.

An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta

Is ar an Ard-Stiúrthóir atá an fhreagracht fhoriomlán beartas éifeachtach a bhunú agus a chothabháil maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair. Faigheann sí tacaíocht sa fhreagracht seo ón Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta (Ceann seirbhísí corparáideacha agus TFC) agus ón gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta. Is é príomhról an Choiste comhairle agus cúnamh a thabhairt don bhainistíocht agus don fhoireann maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta.

Tionóltar cruinnithe ceithre huair in aghaidh na bliana (nó níos minice má thagann éigeandáil a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht chun cinn). Is éard atá sa bhallaíocht foireann na n-aonad gnó, a roghnaíonn a n-ionadaithe Sláinte agus Sábháilteachta agus d'fhéadfadh ionadaí comhaontaithe ceardchumainn amháin a bheith san áireamh ann freisin.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Choiste:

- Gníomhú mar chainéal le haghaidh malartú rúnda faisnéise dhá-bhealach idir an bhainistíocht agus fostaithe maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa
- Tacaíocht agus treoir a chur ar fáil don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta
- Breithniú agus moltaí a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le sláinte, sábháilteacht agus leas ginearálta
- Moltaí a dhéanamh maidir le leasuithe ar an Ráiteas Sábháilteachta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar staitisticí timpistí/teagmhais agus moltaí a dhéanamh
- Machnamh a dhéanamh ar mhodhanna chun sláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn laistigh den Oifig

Foireann Measúnaithe Cáilíochta

Tá foireann thiomnaithe um Measúnú Cáilíochta i bhfeidhm ag Oifig an Ombudsman a dhéanann athbhreithniú ar chásanna maidir le gearáin a fhaightear faoin Acht Ombudsman (Leasú), 2012 i

gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta atá leagtha síos. Tacaíonn obair na foirne le luach eagraíochta na hOifige, 'Díriú ar Chustaiméirí', a bhaint amach i.e. tá sé mar aidhm againn barr feabhais a bhaint amach i soláthar ár seirbhísí trí chaighdeáin cháilíochta shainithe a chomhlíonadh agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht lena chinntiú go bhfanfaidh an custaiméir i gcroílár gach a ndéanaimid. Freastalaíonn an tArd-Stiúrthóir nó duine d'Imscrúdaitheoirí Sinsearacha an Ombudsman ar gach cruinniú.

Tá meascán d'Imscrúdaitheoirí Sinsearacha agus de chásuibrithe ag leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin agus an Imscrúdaitheora ar an bhfoireann. Tionóltar cruinnithe ar bhonn míosúil. Aithníonn agus molann an fhoireann réitigh ar shaincheisteanna a eascraíonn as an bpróiseas iniúchta cáilíochta, d'fhonn feabhas leanúnach a chur ar an tseirbhís a chuireann an Oifig ar fáil don phobal.

An Grúpa Athbhreithnithe Oibríochtaí

Is é cuspóir an Ghrúpa Athbhreithnithe Oibríochtaí breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le gníomhaíochtaí oibriúcháin Oifig an Ombudsman d'fhonn soláthar éifeachtach Chuspóirí Straitéiseacha na hOifige a éascú, mar aon le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm aon bhainistíocht athraithe san eagraíocht.

Is éard atá sa ghrúpa ná an tArd-Stiúrthóir (Cathaoirleach), Cinn na nAonad Scrúduithe, Ceann an Aonaid Luathréitigh agus an Ceann Cáilíochta, Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara agus Cumarsáide (QSEC). Freastalaíonn ball foirne d'Oifig an Ombudsman ar an gcruinniú freisin, i ról an Éascaitheora. Freastalaíonn Ceann na Seirbhísí Corparáideacha agus TFC ar chruinnithe de réir mar a éilíonn an clár oibre nó mar thoradh ar mhíreanna ar an Loga Gealltanais. Féadfar cuireadh a thabhairt do bhaill foirne eile freastal ar chruinnithe maidir le hábhair a bhaineann lena ról agus lena bhfreagrachtaí.

Déanann an tÉascaitheoir cruinnithe a sceidealú agus tionóltar iad ar bhonn míosúil. Mar sin féin, féadfaidh comhaltaí cruinnithe breise a thionól de réir mar a mheastar is gá. Tá míreanna rialta ar an gclár oibre leagtha amach thíos:

- Athbhreithniú ar Loga Gealltanais - Is taifead é an loga ar ghníomhartha atá tiomanta d'úinéirí na ngníomhartha, an acmhainn a leithdháileadh ar na gníomhartha agus an dul chun cinn go dtí seo. Is é an tÉascaitheoir a choinníonn é.
- Staitisticí Cásoibre – Déantar athbhreithniú ar fhiigiúirí maidir le cásanna neamhbhailí agus bailí agus na hamanna próiseála gaolmhara chun treochtaí a aithint, tréachur a anailísiú agus cinnteoireacht éifeachtach agus leithdháileadh acmhainní a éascú.
- Tuarascáil Mhíosúil Cháilíochta – Tá foireann thiomnaithe i bhfeidhm ag Oifig an Ombudsman a dhéanann athbhreithniú ar chásanna i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta atá leagtha síos. Tugann Ceann QSEC an fhaisnéis is déanaí don ghrúpa tar éis an chruinnithe mhíosúil um Measúnú Cáilíochta.

Is féidir míreanna atá le plé a tharchur chuig an ngrúpa trí fhóiraim eile na hOifige i.e. cruinnithe na Foirne Bainistíochta, grúpa Measúnaithe Cáilíochta, cruinnithe Rannóige, grúpaí tionscadail srl. Tar éis gach cruinnithe, déanann an tÉascaitheoir an Loga Gealltanais a nuashonrú agus dréachtaíonn sé nóta den chruinniú. Nuair a chomhaontaítear an Loga Gealltanais, foilsítear nóta an chruinnithe agus aon doiciméid ghaolmhara ar an Inlíon agus scaiptear iad ar fhoireann uile an Ombudsman.

4. Socruithe Iniúchta, Dearbhaithe & Comhlíonta

Oifigeach Cuntasaíochta – Freagrachtaí iniúcháireachta

Tá freagrachtaí sonracha ar an Oifigeach Cuntasaíochta as an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. De réir Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus Caighdeán Iniúcháireachta Inmheánaí, déanann sí an méid seo leanas:

- Cairt scríofa an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí a fhaomhadh
- Neamhspleáchas an Aonaid a chinntiú
- sceideal oibre atá beartaithe don Aonad a chomhaontú leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca
- Athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh lena chinntiú go bhfuil an caighdeán dearbhaithe inmheánaí á fáil aici

- A chinntiú go ndéantar beart leantach cuí ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh
- A chinntiú go bhfuil clár oiliúna agus forbartha foirne i bhfeidhm do bhaill foirne a bhfuil baint acu le hiniúchadh inmheánach
- Coistí Iniúcháireachta agus Riosca a bhfuil acmhainní cuí acu a bhunú

Ról an Choiste Iniúcháireachta & Riosca

Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca mar chuid de thimpeallacht rialaithe na hOifige. Tá sé freagrach as comhairle neamhspleách a chur ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoiriúnacht agus stóinseacht chórais agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh na hOifige, lena n-áirítear oibriú agus forbairt na feidhme iniúchta inmheánaigh, an timpeallacht rialaithe gnó agus bainistíochta riosca agus an caidreamh leis an iniúcháireacht sheachtrach. Ceapann an tOifigeach Cuntasaíochta ballraíocht an Choiste, ar a bhfuil Cathaoirleach Neamhspleách, oifigeach Oifige amháin agus beirt ionadaithe seachtracha ó oifigí seirbhíse poiblí eile. Féadfaidh Ceann an Aonaid Airgeadais agus an tIniúcháir Inmheánach, cé nach baill den Choiste iad, freastal ar chruinnithe.

Níl an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca freagrach as aon fheidhm feidhmiúcháin agus níl sé dílsithe d'aon chumhacht feidhmiúcháin. Comhaontaítear Cairt an Choiste idir an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca. Tá an tOmbudsman coiste Faisnéise neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Údaraítear dó aon fhaisnéis nó doiciméid a lorg, a bhaineann le hábhair a thagann faoina théarmaí tagartha. Ullmhaítear tuarascáil bhliantúil ina ndéantar athbhreithniú ar oibríochtaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca don Oifigeach Cuntasaíochta agus cuirtear isteach í laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na bliana. Áirítear sa tuarascáil

- measúnú ar obair an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí
- na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
- féinmheasúnú ar éifeachtacht an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca féin
- deimhniú go bhfuil athbhreithniú ar an gcairt scríofa curtha i gcrích ag minicíocht a comhaontaíodh idir an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Cathaoirleach

Déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca obair leantach ar aon mholtaí ón Oifigeach Cuntasaíochta a eascraíonn as an tuarascáil, nó le linn idirghníomhaíochtaí eile.

Ról an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí

Is é ról an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht chórais rialuithe inmheánacha, bainistíochta riosca agus socruithe rialachais na hOifige. Tugann sé dearbhú freisin go bhfuil córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun freagrachtaí Luach ar Airgead (LAA) a chomhlíonadh. Clúdaíonn a gníomhaíocht líonra iomlán chórais na hOifige. Féadfaidh an tAonad gníomhú freisin, de réir mar is gá, i gcáil chomhairleach maidir le tionscadail atá á bhforbairt chun leordhóthanacht na mbeart rialaithe a chinntiú. Déantar feidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí a sheachfhoinsiú chuig soláthraí seirbhíse seachtrach, rud a chinntíonn go bhfaigheann an Oifig sainchomhairle agus tuairim neamhspleách maidir le leordhóthanacht agus comhlíonadh rialuithe agus córas inmheánach. Déanann sé a chuid oibre de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Chleachtas Gairmiúil na hIniúcháireachta Inmheánaí (Caighdeán IIA), treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís (Nollaig 2015).

Tuairiscíonn Ceann an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar bhonn rialta i gcomhthéacs an Phlean Oibre Iniúchta Bhliantúil, agus de réir mar a iarrann an tOifigeach Cuntasaíochta / an Coiste Cuntasaíochta. Déanann an Ceann cumarsáid agus idirghníomhú go díreach leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ag cruinnithe.

Déanann sé/sí cumarsáid freisin le Comhaltaí coiste idir cruinnithe de réir mar is cuí. Oibríonn Ceann an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí faoi stiúir ghinearálta an Oifigh Chuntasaíochta a bhfuil rochtain dhíreach aige/aici air/uirthi.

Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, i gcomhairle leis an Oifigeach Cuntasaíochta, an Plean Iniúchta leantach bliantúil trí bliana a cheapadh, a athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh air. Ullmhaíonn an t-iniúcháir inmheánach an dréachtphlean, a bhféadfadh tionchar a bheith ag:

- Próiseas Bainistíochta Riosca agus Clár Riosca na hOifige
- ionchuir ó bhainisteoirí Oifige

- tuairimí an Oifigigh Chuntasáíochta, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca nó an Iniúcháora
- saincheisteanna tráthúla eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham

Iniúcháirí Seachtracha

Tá Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste freagrach as iniúchadh bliantúil a dhéanamh ar chuntais na hOifige faoi Vóta 19.

Ról an Aonaid Airgeadais

Is é ról an Aonaid Airgeadais bainistíocht fhoriomlán ghnóthaí airgeadais na hOifige. I measc phríomhghnéithe an róil seo tá:

- Idirbheartaíocht agus comhordú a dhéanamh ar bhuiséid i ndáil le costais riaracháin na hOifige
- gach íocaíocht agus admháil a thaifeadadh de réir Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí
- monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar chaiteachas de réir buiséid chomhaontaithe agus tuairisciú de réir mar is gá don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Fhoireann Bainistíochta
- cuntais a ullmhú ag deireadh gach bliana airgeadais lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
- aisíocaíocht speansas a thabhaíonn an fhoireann le linn gnó oifigiúil
- faisnéis bhainistíochta faoi chúrsaí airgeadais na hOifige a chur ar fáil don Fhoireann Bhainistíochta agus don bhainistíocht líne ar bhonn rialta
- seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do chliaint inmheánacha agus sheachtracha agus iad ag déileáil le fiosrúcháin, ag soláthar treorach agus comhairle nuair is gá

Mar chuid de Chlár Oibre athchóirithe an Rialtais, tá Ionad Nua Um Sheirbhís Chomhroinnte Airgeadais (FSSC) á bhunú. Cuirfidh sé seo córas bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais ar fáil do 48 eagraíocht Rialtais, ach fanfaidh ról an Aonaid Airgeadais mar atá leagtha amach mar an gcéanna.

Tá Oifig an Ombudsman i dTonn 1 den tionscadal, atá ar siúl faoi láthair. Tá an tionscadal trom go leor ó thaobh ullmhúcháin de mar go bhfuil an córas nua an-difriúil ón tsamhail reatha. Chuige sin, tá an tAonad Airgeadais i dteagmháil leis an RCPA maidir leis an aistriú chuig an gcóras nua.

Bainistíocht Riosca

Soláthraítear le beartas Bainistíochta Riosca na hOifige na meicníochtaí chun rioscaí corparáideacha a aithint, a chur in ord tosaíochta agus a rangú agus chun a chinntiú go gcuirtear na gníomhartha maolaithe cuí i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí seo.

Is ar an bhFoireann Bainistíochta atá an phríomhfhreagracht as rioscaí corparáideacha a aithint. Tá a chomhaltaí lán ábalta rioscaí corparáideacha a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Tá ról ag grúpaí eile laistigh den Oifig (e.g. an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an tAonad Seirbhísí Corparáideacha, an Grúpa Athbhreithnithe Oibríochtaí) maidir le cur leis an bpróiseas bainistíochta riosca.

Tá freagracht fhoriomlán ar an Ard-Stiúrthóir as an bpróiseas bainistíochta riosca. Coinníonn an Oifig Clár Rioscaí, a nuashonraítear gach ráithe le linn cruinnithe idir an Ard-Stiúrthóireacht agus ceannairí gach aonaid ghnó. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú iomlán bliantúil air. Ina theannta sin, gabhann an Clár aon teagmhais riosca a tharlaíonn, atá nasctha ansin le hiontrálacha riosca nua nó iontrálacha riosca atá ann cheana. Ligeann an Clár d'úsáideoirí tuarascálacha a ullmhú, ina liostaítear na rioscaí a bhfuil sé de fhreagracht acu iad a bhainistiú, cúis agus tionchar na rioscaí sin, na maolaithe atá i bhfeidhm cheana féin nó atá le déanamh agus an t-amscála chun na maolaithe sin a chur i bhfeidhm.

Cuimsíonn tograí le haghaidh tionscadail nua cleachtadh measúnaithe riosca, a bhreithníonn an Ceannaire Tionscadail cuí agus/nó an Fhoireann Bainistíochta nuair is gá. Cuirtear na rioscaí nua seo leis an gClár Rioscaí ar bhonn leanúnach.

Nochtadh Cosanta

Foráiltear leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 cosaintí d'oibrithe a chuireann imní dhlisteanach in iúl maidir le héagóir iarbhír nó féideartha san ionad oibre. Tá nósanna imeachta forbartha ag an Oifig de réir Acht 2014, atá faofa ag an bhFoireann Bainistíochta. Sonraítear sna nósanna imeachta:

- conas is féidir le baill foirne nochtadh cosanta a dhéanamh
- cad a tharlaíonn nuair a dhéantar nochtadh
- cad a dhéanfaidh an Oifig chun an nochtóir a chosaint

Aithníonn an Oifig an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbraitheann an fhoireann go dtacaítear leo san ionad oibre. Tacaíonn an próiseas le tiomantas na hOifige a chinntiú go spreagann agus go n-éascaíonn an cultúr agus an timpeallacht oibre baill foirne 'labhairt suas' ar aon saincheist a chuireann isteach ar chumas na hOifige a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Ceanglaítear le hAlt 22 d'Acht 2014 ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a fhoilsiú i ndáil le nochtadh cosanta a fhaightear faoi fhorálacha an Achta sin. Foilsíonn gach ceann d'fheidhmeanna reachtúla na hOifige an tuarascáil ar a láithreáin ghréasáin faoi seach.

Bainistíocht Taifead

Cruthaítear taifid chun gníomhaíochtaí, feidhmeanna agus cinntí na hOifige a dhoiciméadú. Tacaíonn coinneáil éifeachtach taifead le riachtanais ghnó agus le comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha (An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí). Is féidir le taifid a bheith i bhfoirmeacha fisiciúla éagsúla. Is iad seo a leanas aidhmeanna chóras bainistíochta taifead na hOifige:

- An fhaisnéis cheart a chur ar fáil
- Chuig an duine ceart
- Ag an am ceart
- Ar feadh na tréimhse ama ceart
- Ar an mbealach is éifeachtúla agus i gcomhréir le prionsabail luach ar airgead
- A bheith ar an eolas faoi cá bhfuil na taifid
- A bheith ar an eolas faoi cé a dhéileáil le taifid

Foráiltear le comhlíonadh na gceanglas bainistíochta taifead d'aisghabháil níos tapúla faisnéise, slándáil níos fearr, bainistíocht eolais agus comhlíonadh na bhforálacha dlí ábhartha.

Tá an fhaisnéis go léir a chruthaíonn nó a fhaigheann an fhoireann agus iad i mbun a gcuid dualgas thar ceann na hOifige clúdaithe ag Beartas Bainistíochta Taifead na hOifige. Baineann an beartas le gach ball foirne buan, faoi chonradh agus sealadach d'aon cheann de na hoifigí reachtúla.

Taifid agus iarratais ar rochtain

Cé go ndéanann gach ceann de na hOifigí feidhmeanna reachtúla ar leithligh agus soiléir, feidhmíonn siad mar ghníomhaireacht chónasctha aonair faoi Aon Vóta amháin. Tá a líon foirne féin ag gach feidhm agus tá sí neamhspleách chun críche iarrataí rochtana a fhaightear faoin GDPR nó faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise. Feidhmíonn an Oifig samhail seirbhísí comhroinnte chun críocha na bhfeidhmeanna airgeadais, acmhainní daonna, dlí, cumarsáide agus teicneolaíochta faisnéise, trí Oifig uileghabhálach an Ombudsman. Dá bhrí sin, déanfaidh Oifig an Ombudsman comhordú ar iarratais chuig comhlacht aonair, a bhaineann le faisnéis atá i seilbh seirbhísí comhroinnte. Cinnteoidh sé seo go ndéanfar an t-iarratas a phróiseáil ar an mbealach is éifeachtúla is féidir.

Saoráil Faisnéise

Tugann an tAcht um Shaoráil Faisnéise (FOI), 2014 an ceart do dhuine rochtain a lorg ar thaifid, ar chúiseanna le cinntí agus ar leasuithe ar thaifid atá i seilbh na hOifige, faoi réir aon srianta is infheidhme. Tá oifigeach idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise ceaptha ag gach ceann d'fheidhmeanna reachtúla na hOifige, a chinntíonn go gcuirtear iarrataí Saorála Faisnéise a fhaigheann an Oifig ar aghaidh chuig cinnteoir sa rannóg ábhartha lena bpróiseáil agus lena bhfreagairt don iarrthóir. Foilsítear na sonraí maidir le conas iarratas saorála faisnéise a dhéanamh ar shuíomh gréasáin gach ceann d'fheidhmeanna reachtúla na hOifige mar aon le faisnéis maidir le haon srianta a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm.

Cosaint Sonraí

Tá an Oifig tiomanta go hiomlán do chosaint na sonraí pearsanta atá ina seilbh, de réir phrionsabail an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an Achta um Chosaint Sonraí, 2018. Faighteann an fhoireann oiliúint ar chosaint sonraí lena chinntiú go dtuigeann siad a n-oibleagáidí sa

réimse seo. Tá bearta agus prótacail dhiana slándála i bhfeidhm chun sonraí pearsanta atá i gcomhaid fhisiciúla atá in aonaid ghnó agus sa chóras comhroinnte TFC a chosaint. Foilsítear Fógraí Príobháideachais Sonraí ar gach ceann dár láithreáin ghréasáin, a sholáthraíonn faisnéis faoi na bealaí ina mbailimid agus ina n-úsáidimid sonraí pearsanta ár gcustaiméirí.

Cheap an Oifig Oifigeach Cosanta Sonraí in 2018, a chomhordaíonn na freagraí ar Iarratais Dhuine ar a Shonraí, a chinntíonn tuairisciú trédhearcach ar aon sáruihte sonraí a d'fhéadfadh tarlú agus a sholáthraíonn comhairle ar ábhair a bhaineann le sonraí pearsanta.

Soláthar Poiblí

Ceann de phríomhchuspóirí Bheartas Soláthair na hOifige is ea a chinntiú go ndéantar ár ngníomhaíochtaí soláthair a bhainistiú ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach leis na leibhéil is airde comhlíonta, ionracais agus feasachta riosca. Ní mór d'údaráis chonraitheoireachta a bheith cost-éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus na caighdeáin ionracais agus macántachta is airde á nglacadh ag an am céanna. Tá cleachtais soláthair faoi réir iniúchta agus grinnscrúdaithe faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 agus tá Oifigh Chuntasaíochta freagrach go poiblí as caiteachas a thabhaítear.

Tá an Oifig seo tiomanta chun a chinntiú go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir. Comhlánaíonn an Beartas Soláthair na Treoirlínte soláthair phoiblí a d'fhoilsigh an Oifig um Sholáthar Rialtais agus ainmníonn sé Ceann na Seirbhísí Corparáideacha mar Oifigeach Soláthair na hOifige.

Tá freagracht fhoriomlán ar an Aonad Airgeadais as tacú leis an bhfeidhm soláthair laistigh den eagraíocht. Go príomha, tá an tAonad freagrach as a chinntiú go ndéantar na gníomhartha a shaináithnítear sa Phlean seo a sholáthar. Tá sé de dhualgas ar bhaill foirne a bhfuil baint dhíreach acu le hearraí agus seirbhísí a sholáthar chun a chinntiú go bhfuil gach soláthar de réir aidhmeanna straitéiseacha foriomlána na heagraíochta.

Cé gurb iomchuí gur ar na baill foirne a bhfuil an saineolas ábhartha is gá acu an fhreagracht as earraí agus seirbhísí áirithe a fháil chun a chinneadh conas is fearr freastal ar an éileamh, tá sé tábhachtach go mbeadh na baill foirne sin oilte go leor chun dea-chleachtas soláthair a chur ar fáil. Dá réir sin, cuireann an tAonad Airgeadais comhairle agus treoir phraiticiúil maidir le soláthar ar fáil nuair is gá. Cinnteoidh an tAonad go mbeidh gach ball foirne a bhfuil baint acu leis an bhfeidhm soláthair ar an eolas faoi bheartas soláthair inmheánach na heagraíochta agus go gcoinneofar cothrom le dáta iad maidir le dea-chleachtas soláthair.

Foráiltear le beartas soláthair reatha na heagraíochta gur cheart soláthairtí nó conarthaí seirbhísí ar luach €1,000 go €4,999 a bhronnadh ar bhonn freagraí ar shonraíochtaí a sheoltar trí fhacs, litir, ríomhphost, teileafón nó gréasán chuig trí sholáthraí ar a laghad. Ba chóir soláthairtí nó conarthaí seirbhísí ar luach €5,000 go €24,999 a bhronnadh ar bhonn freagraí ar shonraíochtaí a sheoltar trí fhacs, litir nó ríomhphost chuig idir cúig agus ocht soláthraí. Cé go bhfuil na teorainneacha seo fós ann, ba cheart dul i gcomhairle leis an OGP maidir leis na nósanna imeachta soláthair go léir mar atá leagtha amach i gcuid 1 thuas. Ba cheart próiseas tairisceana foirmiúil de réir na dTreoirínte maidir le Soláthar Poiblí a úsáid chun earraí nó seirbhísí a cheannach thar an méid sin. Is ar na baill foirne a bhfuil baint acu leis an bpróiseas soláthair atá an fhreagracht as beartas na hOifige a chomhlíonadh.

Creat-Chomhaontuithe

Foráiltear le Creat-Chomhaontuithe Soláthair d'éifeachtúlachtaí sa phróiseas soláthair agus luach ar airgead á bhaint amach ag an am céanna, bunaithe ar thairiscintí iomaíocha. Is féidir le heagraíochtaí ceannaigh conarthaí a chur le soláthróirí sa chreat gan nósanna imeachta dochraideacha tairisceana a dhéanamh le haghaidh riachtanais aonair a chumhdaítear leis an gcreat. Tá roinnt creat-chomhaontuithe idirbheartaithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais in earnálacha ceannaigh áirithe, ar féidir le heagraíochtaí san earnáil poiblí leas a bhaint astu. Ní mór d'aon bhall foirne a bhfuil baint acu le soláthar seiceáil an bhfuil Creat-Chomhaontú ann le haghaidh earraí agus seirbhísí ábhartha, sula dtéann siad i mbun próiseas soláthair. Ba cheart úsáid na gcomhaontuithe réime atá ann cheana a mheas ar an gcéad dul síos agus an soláthar á mheas.

Soláthar TFC

Tá freagracht ar CMOD, rannán laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA), inter alia, as monatóireacht agus faomhadh a dhéanamh ar chaiteachas TFC i gcomhlachtaí státseirbhíse agus seirbhíse poiblí, beartas agus bonneagair teileachumarsáide, beartas agus bonneagair ríomh-

Rialtais, taighde agus beartas teicneolaíochta, soláthairtí agus creataí lárnacha TFC, agus comhchórais TF lena n-áirítear párolla agus Bainistíocht Acmhainní Daonna. Bunaíodh suíomh gréasáin tiomnaithe, www.ictprocurement.gov.ie, chun faisnéis chuimsitheach a sholáthar faoi gach ceann de na ról agus freagrachtaí seo. Éilíonn Ciorclán 02/16 (Socruithe do Chaiteachas Digiteach agus Caiteachas a bhaineann le TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí) ar gach Roinn, Oifig, Gníomhaireacht, agus gach comhlacht agus údarás poiblí neamhthráchtála na státseirbhíse cloí le réamhriachtanais RCPA; srianta, treoirlínte agus nótaí comhairle mar a foilsíodh iad in www.ict.gov.ie. Tá roinnt creataí soláthair bunaithe ag RCPA do raon táirgí agus seirbhísí TFC thar ceann sheirbhís phoiblí neamhthráchtála na hÉireann. Tá sé i gceist leis na creat-chomhaontuithe sin lascaí toirte a uasmhéadú agus foráil a dhéanamh do laghduithe ar chostais riaracháin agus idirbhirt do sholáthraithe agus do cheannaitheoirí san earnáil phoiblí.

De réir fhorálacha Chiorclán 02/16, cinnteoidh an tAonad TFC go bhfuil gach soláthar TFC de réir fhorálacha Chiorclán 02/16 agus go mbainfidh sé leas as gach creat soláthair lárnach nuair is féidir.

Prionsabail Luach ar Airgead

Cé gur fachtóir suntasach é an praghas chun luach ar airgead a chinneadh sa soláthar, ní hé an t-aon athróg is gá a chur san áireamh. Cuimsíonn luach ar airgead tosca neamhchostais freisin, amhail cibé an bhfuil an ceannach oiriúnach don chuspóir atá beartaithe, cibé an bhfuil sé ar chaighdeán leordhóthanach agus an gcomhlíonann an leibhéal seirbhíse nó tacaíochta a chuirtear ar fáil riachtanais na heagraíochta. Dá réir sin, nuair a cheannaíonn siad earraí nó seirbhísí cloíonn baill foirne leis na prionsabail seo a leanas:

- Agóid a dhéanamh i dtaobh an bhfuil earraí / seirbhísí atá le soláthar ag teastáil ar chor ar bith.
- A chinntiú go bhfuil an soláthar ag teacht le haidhmeanna straitéiseacha na heagraíochta.
- Bí soiléir faoi na rudaí is mian leis an eagraíocht a fháil.
- Dóthain ama a thabhairt don soláthar.
- Smaoinigh an gcomhlíonfadh roghanna oiriúnacha eile riachtanais an tsoláthair.
- Cloí leis na nósanna imeachta agus treoirlínte ginearálta agus eagraíochtúla maidir le soláthar.

Is ar fhoireann uile na heagraíochta atá an fhreagracht luach ar airgead a bhaint amach agus ní ar bhaill foirne a bhfuil freagracht airgeadais orthu amháin atá sé. Tá freagracht ar gach ball foirne ar an bhFoireann Bainistíochta a chinntiú go leantar dea-chleachtas ina réimsí féin agus go bhfuil siad

féin agus an fhoireann araon ar an eolas faoi gach nuashonrú agus go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm, agus go bhfuil siad ar an eolas faoi gach creat nua agus atá le teacht ón OGP ach go háirithe.

Athbhreithniú

Déanfar an doiciméad seo a athbhreithniú agus a chur faoi bhráid na Foirne Bainistíochta ar bhonn bliantúil. Rinneadh é a athbhreithniú, a nuashonrú agus a athfhoilsiú roinnt uaireanta, i mí Feabhra 2021 is déanaí. Déanfar an chéad athbhreithniú eile faoi mhí na Nollag 2022.

Iarscríbhinn 1:

Struchtúr Mionsonraithe na Foirne Bainistíochta

